



# Léiritheoir Feidhmiúcháin

<i>Teideal an phoist</i>	Léiritheoir Feidhmiúcháin
<i>Tuarastal</i>	Tuarastal iomaíoch ag brath ar thaithí
<i>Ionad</i>	Le plé
<i>Freagrach as</i>	Bainisteoir Ginearálta, Riarthóir, Foireann Chruthaitheach agus Compántas (le linn léirithe)
<i>Déanann tuarisciú le</i>	Stiúrthóir Ealaíne agus Feidhmiúcháin agus an Bord Stiúrtha

## AG OBAIR LINN

Bíonn sé dúshlánach agus fiúntach a bheith ag obair le Teac Damsa.

Táimid ag lorg duine d'ár bhfoireann go bhfuil taithí agus fiontar ann, le paisean do na healaíona agus mianach eachtrúil. Beidh an deis ag an iarrthóir buacach a scileanna agus a aisling a thabhairt ar bord linn, ag tabhairt an chompántas i dtreoanna nua spreagúla sna blianta amach romhainn.

Beidh an Léiritheoir Feidhmiúcháin freagrach as forbairt a dhéanamh ar mhúnla comhaimseartha léirithe agus camchuarite a thacóidh le cuspóir an chompántais daoine a spreagadh, a chorraí, agus a tharraingt isteach tríd ár gcleachtas rince drámaíochta láidir sainiúil ar leith.

## DO RÓL

- Oibriú go dlúth agus tacú leis an Stiúrthóir Ealaíne agus an Bord Stiúrtha chun múnla cruthaithe/camchuarite agus plean soiléir gnó a forbairt, a stiúradh agus a thógáil d'ár saothair rince drámaíochta.
- Pairtnéireachtaí láidre a bhunú, a neartú agus a chothú, agus caidrimh nua a thógáil le hionaid léirithe, féilte, lucht infheistíochta i gcomhléiriúcháin, An Chomhairle Ealaíon, Cultúr Éireann, lucht tacaíochta agus páirtithe leasmhara.
- Fás agus forbairt leanúnach ar shaothar agus ar cháil an chompántais le healaíontóirí, lucht féachana, lucht maoinithe agus páirtithe leasmhara a mhúnlú agus a neartú.
- I dteannta an Stiúrthóir Ealaíne, súil ghéar a choimeád ar chomhordú tionscadal mór agus ról tosaigh a ghlacadh i bplean an chompántais chun leathnú a dhéanamh ar a shaothair trí thionscnaimh nua a reachtáil timpeall ar oideachas, pobal agus cumarsáid leis an lucht féachana.

## **FREAGRACHTAÍ SONRACHA**

### *Giniúint Mhaoinithe agus Ioncaim*

- Buiséid a ullmhú agus a sheiceáil chun bainistíocht stuama airgeadais agus inmharthanacht an chompántais a chinntiú
- Caidreamh le pairtnéirí maoinithe, urraitheoirí agus páirtithe leasmhara a thógáil agus a bhuanú
- Maoiniú do chomhléiriúcháin agus sruthanna ioncaim do shaothair nua agus athléirithe a aimsiú agus a aontú
- Pleanáil agus maoirsiú a dhéanamh ar chamchuhairteanna de chuid an chompántais, le haontú conarthaí agus earcú saineolais ghairmiúil nuair is gá san áireamh
- Bainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais an chompántais, ag tacú le pleananna fadtéarmacha trí straitéisí agus pleanáil chun cinn.
- Cinntiú go mbíonn an compántas ag cloí le gach rialachas ábhartha agus rialúchán dlí

### *Pleanáil Straitéiseach agus Acmhainní Daonna*

- Oibriú a dteannta leis an Stiúrthóir Ealaíne agus an Bainisteoir Ginearálta chun treo straitéiseach an chompántais a mhúnlú maidir le pleanáil méan-téarmach agus fad-téarmach ar thionscadail
- Forbairt tionscadal agus caidreamh straitéiseach nua a stiúradh agus a chothú
- Ceannas a thabhairt don bhfoireann, agus iad a bhainistiú agus a spreagadh, le baill fhéin-fhostaithe agus páirtaimseartha san áireamh, chomh maith le cultúr oscailte, meas agus rannpháirtíocht a ghríosadh
- Bainistíocht a dhéanamh ar aistriú go, agus lonnú in, ár mbaile nua rince ag an nGlaise Bheag
- Maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt tionscadail, ceardlanna, agus oideachas pobalbhunaithe, ag obair go dlúth leis an mBainisteoir Ginearálta
- Bheith ag obair leis an mBainisteoir Ginearálta ar fhorbairt pholasaí agus súil siar a dhéanamh ar gach gné d'eagrú oibriúcháin (Lámhleabhar Foirne, polasaí Acmhainní Daonna, Cúrsaí Comhionannais, Plean Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanáil)

### *Léiriú*

- Forbairt a dhéanamh ar straitéis inmharthana léirithe a chruthaíonn deiseanna agus a éascaíonn cruthú tionscadal nua
- Ceannas a ghlacadh ar chlár camchuarite idirnáisiúnta an chompántais

- Maoirsiú a dheanamh ar réamhphleanáil agus socrúcháin phraiticiúla agus riaracháin timpeall ar chruthú agus cur i láthair léiriúcháin in Éirinn agus go hidirnáisiúnta
- Dea-chaidreamh a bhainistiú agus a chothú lenár bpairtnéirí i gcomhléiriúcháin
- Tacú leis an Stiúrthóir Ealaíne maidir le daoine oiriúnacha a aithint is a aimsiú d'fhoirne cruthaitheacha agus lucht nua comh-oibrithe
- Bheith ag obair go dlúth leis an mBainisteoir Léiriúcháin timpeall ar bhainistiú agus soláthar na mbuiséad léirithe agus camchuarite
- An compántas a chur chun cinn agus ionadaíocht a dhéanamh ar a shon, taobh leis an Stiúrthóir Ealaíne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

### **FÚT**

Beidh formhór nó gach ceann de na scileanna/tréithe seo a leanas ag an iarrthóir buacach agus iad in ann fianaise dóibh a léiriú in iarratas/agallamh:

#### *Taithí*

- Fianaise gur éirigh go maith leat i ról sna tionscail chruthaitheacha atá cosúil leis an gceann seo, le bainistíocht ar chamchuariteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta san áireamh
- Taithí ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm pleananna gnó straitéiseacha, le cúram cuí do na mionsonraí

#### *Scileanna*

- Bua ar leith a bheith ag obair le réimse leathan de dhaoine eile as lámha a chéile, taibheoirí, teicneoirí, láithreoirí agus lucht féachana san áireamh
- Scileanna maithe ceannasaíochta agus roinnt taithí bainistíochta, leis an gcumas caidrimh éagsúla a láimhseáil
- Bua na cumarsáide, le scileanna gréasánaithe agus idirphearsana den scoth

#### *Saintréithe Pearsanta*

- Meon réamhghníomhach, go háirithe maidir le soláthar ár dtionscadal agus cur i bhfeidhm ár n-aisling cruthaithí
- Bheith ina smaointeoir cruthaitheach agus fuascailteoir fadhbanna, atá in ann cothrom a aimsiú idir seasmhacht agus nuálaíocht
- Bheith cineálta, comhbhách agus tuisceanach le mianach láidir fiontraíochta
- Grá agus paisean do na healaíona, go háirithe an rince
- Meas agus gean don nGaeilge
- Cumas iltascáil a dhéanamh

### *General*

- Bheith ar fáil agus sásta chun dul ar chamchuart go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon
- Ceadúnas tiomána iomlán glan
- A bheith sásta cianoibriú nuair is gá agus taisteal go Corca Dhuibhne nuair is gá

### **ACH THAR AON RUD EILE ...**

Is ról lán-aimseartha é seo ach múnla oibre hibrid solúbtha a thacaíonn le meascán d'obair in oifig agus cianobair a shamhlaítear leis.

Tá an compántas lonnaithe i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus beidh sé bogaithe isteach ina áitreabh féin faoi dheireadh 2023.

Aithnímid gurb é an rud is tábhachtaí ar fad dúinn ná mianach agus caighdeán an duine, a bhfuinneamh, a ngoile don obair, agus a ngean do na healaíon, go háirithe an rince. Tá sé i bhfad níos tábhachtaí dúinne an duine cheart a aimsiú ná teacht ar an nduine leis an taithí nó na cáilíochtaí 'cearta'.

Táimid ag lorg duine le meon oscailte agus scileanna maithe ceannaireachta agus cumarsáide.

Má bhaineann tú sult as bheith i do chuid d'fhoireann bheag dícheallach agus dá mba bhreá leat deis a bheith agat bheith ag obair linn chun ár n-aislingí agus físeanna spreagúla a fíorú, ba mhaith linn cloisint uait.

### **CONAS CUR ISTEACH**

Ba cheart go mbeadh litir chlúdach (gan a bheith níos faide ná dhá leathanach A4) agus CV iomlán ina gcuid de gach iarratas.

Seol iarratais iomlánaithe chuig [andrewa@thepanel.com](mailto:andrewa@thepanel.com).

### **FÚINN**

Is compántas rince drámaíochta lonnaithe i gCorca Dhuibhne i gCiarraí Thiar é Teac Damsa. Bímid ag ceapadh, ag stáitsiú agus ag déanamh camchuirteanna le seóanna rince go bhfuil clú domhanda bainte amach acu thar na blianta.

Bíonn tionchar mór ag an ómós áite ar ár gcuid saothar. Bíonn ceol, dúlra agus ár dteanga dúchais ag croílár na saothar seo. Bíonn caighdeán an phróisis agus sinn ag cumadh saothair nua chomh tábhachtach céanna dúinne leis an saothar deiridh féin.

Bunaíodh Teac Damsa ag Michael Keegan-Dolan, a bhí ina bhunaitheoir agus stiúrthóir ealaíne ar Chompántas Rince Fabulous Beast (1997-2015), ag cruthú trí léiriúchán a ainmníodh do Dhuais Olivier: *Giselle* (2003), *The Bull* (2005), agus *The Rite of Spring* (2009). Sa bhliain 2004 bhain *Giselle* amach Duais Speisialta na Moltóirí mar chuid de Ghradaim Drámaíochta an Irish Times, agus bhuaigh *The Bull* Duais Náisiúnta Rince ón UK Critic's Circle sa bhliain 2008 don

léiriúchán nua is fearr. Bhuaigh *Rian*, a cruthaíodh sa bhliain 2011, Duais Bessie (Duais Rince agus Taibhithe Nua Eabhrac) i 2013 don Léiriúchán Nua is Fearr.

B'é an chéad léiriúchán de chuid Teac Damsa ná *Swan Lake / Loch na hEala*, cruthaithe i Longfort sa bhliain 2016, agus bhuaigh sé Duais Drámaíochta Irish Times i 2017 don Léiriúchán Nua is Fearr. Anuas air sin, bhain sé amach Duais Náisiúnta Rince don léiriúchán nua is fearr ón UK Critic's Circle sa bhliain 2018. B'é *MÁM*, cruthaithe i rith 2019, an chéad seó a ceapadh, a cleachtadh, agus a léiríodh go hiomlán i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, agus ainmníodh é do Dhuais Olivier don Léiriúchán Nua is Fearr, agus do dhá Dhuais Náisiúnta Rince de chuid an UK Critics' Circle in 2021.

Stiúraigh an scannánóir iomráiteach Pat Collins an fadchlár faisnéise *The Dance* faoi phroiséas cruthaithe *MÁM*. Eisíodh an scannán in Éirinn in 2022. Bhí an scannán mar chuid den official selection ag an London International Film Festival agus craoladh é ar stáisiún teilifíse náisiúnta na hÉireann.

Scríobhadh agus rinneadh cleachtadh ar *How to be a Dancer in Seventy-two Thousand Easy Lessons* i gCorca Dhuibhne. Léiríodh é den chéad uair in 2022 mar chuid d'Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Claith. Beidh sé ar chamchuart go náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2023/24.

Is minic Teac Damsa ag glacadh modh oibre tumthach i leith an phróisis chruthaithe, le taibheoirí agus lucht léirithe ag obair go dlúth lena chéile taobh leis an mbunaitheoir agus cóiréagrafaí Michael Keegan-Dolan, a bhíonn ag iarraidh spás a chruthú mar is féidir le healaíontóirí oibriú ar chomhcheim lena chéile chun saothair rince agus drámaíochta a dhéanamh a chlaohlóidh na healaíontóirí féin agus an lucht féachana araon. Is é an cur chuige seo a dealaíonn Teac Damsa ó chompántais rince drámaíochta eile is a éilíonn íogaireacht, paisean, comhbhá, oscailteacht agus dúthracht ar leith ó na taibheoirí agus ón bhfoireann léirithe araon.

Bogfaidh Teac Damsa chuig a bhaile nua ar an nGlaise Bheag in Iarthar Duibhneach i mbliana (2023).

—

*Tá Teac Damsa maoinithe ag an gComhairle Ealaíon le tacaíocht ó Chultúr Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta Teo.*

*Is fostóir comhdheiseanna é Teac Damsa.*

**teacdamsa.com**



.....